Toghtar an tUachtarán gach seacht mbliana. Ní fhéadfaidh an tUachtarán bheith i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma, nó 14 bliana déag ar a mhéad. Ní mór do na hiarrthóirí sa toghchán Uachtaránachta a bheith ina saoránaigh Éireannacha agus bheith níos mó ná 35 bliain d'aois. Ní mór dóibh ainmniúcháin le haghaidh an toghcháin a fháil ó 20 Comhalta ar a laghad den Oireachtas nó ó cheithre údarás áitiúla ar a laghad.

Tá saoránaigh Éireannacha atá 18 mbliana d'aois nó níos sine i dteideal vóta a chaitheamh. Cosúil leis an olltoghchán, baintear úsáid sa toghchán Uachtaránachta as an gcóras ionadaíochta cionmhaire (aonvóta inaistrithe). Ní chuirfear aon bhallóid ar siúl mura bhfuil ach iarrthóir amháin ann.